# Líon na Bearnaí

## Sraith 9: Lá ag Cluiche Rugbaí i Stade de France

**Pictiúr 1**

Bhí an triúr cairde seo ag ithe lóin i _____________na scoile nuair a luaigh duine acu go mbeadh Éire ag imirt i gcluiche idirnáisiúnta rugbaí i bPáras Dé Sathairn. An Satharn ina dhiaidh sin. __________ siad ar dhul go dtí an cluiche. Scoil do bhuachaillí amháin í seo agus bhí sainéide dá gcuid féin acu. Bhí léine agus carbhat, bríste agus geansaí á gcaitheamh acu. Maidir leis an mbéile a fuair siad sa cheaintín, ní dóigh liom gur béile ró-fholláin é.

**Pictiúr 2**

Maidin Dé Sathairn, chuaigh siad go dtí aerfort Bhaile Átha Cliath go moch. Ní raibh de bhagáiste acu ach mála ________ an duine mar ní raibh [sé] ar intinn acu fanacht thar oíche.

**Pictiúr 3**

Níorbh fhada go rabhadar i lár chathair Phárais. Chun an t-am a mheilt go dtí am tosaithe an chluiche thóg siad ________ mórthimpeall ar lár na cathrach ar bhus gan díon - bus turasóireachta. Chonaic siad an Túr Eiffel – ceann de shéadchomharthaí cáiliúla Phárais i lár na cathrach.

**Pictiúr 4**

D'fhág siad an bus agus chuaigh siad ag __________timpeall ar áirse mhór, l'Arc de Triomphe, Shíl na buachaillí go raibh an ailtireacht go hálainn. Amach leo go Stade de France agus isteach leo i siopa ___________ áit a raibh neart cuimhneacháin ar díol, broga rugbaí, geansaithe, scátaí agus liathróidí ubhchruthacha rugbaí. Bhí gach uile short ann a bhain le spórt.

**Pictiúr 5**

Bhí slua ollmhór istigh.  Bhí díomá ar lucht ____________ na hÉireann nuair a tháinig an sos leath-ama mar ní raibh scóráilte ag an bhfoireann s'acusan ach trí _________. Bhí dhá cheann déag ag an Fhrainc. Bhí an Fhrainc go mór chun tosaigh ar Éirinn. Ach sa dara leath d'éirigh le hÉirinn buntáiste a bhaint as an gcéad _________ agus d'imir siad go hiontach. Ghnóthaigh Brian Ó Drisceoil úd tar éis dó briseadh trí líne _________ na Fraince.

**Pictiúr 6**

___________ Rónán Ó Gadhra an t-úd. Bhí an bua á fháil acu ar an Fhrainc.  Bhí siad ag sárú na Fraince i ngach áit ar fud na páirce. Bhí lúcháir ar na buachaillí go rabhadar i láthair chun a leithéid de ____________ stairiúil a fheiceáil. Ag deireadh an chluiche bhí Éire sé phointe chun tosaigh ar an Fhrainc. Bhí na Gaeil ag canadh in ard a gcinn is a ngutha. Ba é an scór a fuair siad ná aon phointe is fiche d'Éirinn agus cúig phointe déag don Fhrainc.